



An Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide

Scéim Deontais Cómhaoinithe Chlár LIFE 2021

Foirm Iarratais

Tuairisc

Tá sé beartaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú a chur ar fáil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide (CGA) chun tacaíocht a sholáthar, trí chómhaoiniú, le haghaidh **Tionscadail Ghníomhaíochta Caighdeánacha (TGC)**¹ (1) a n-éiríonn leo maoiniú a fháil faoi Chlár LIFE an AE 2021 **agus** (2) a mheastar a bhfuil critéir le haghaidh maoinithe ó CGA á gcomhlíonadh acu i ndiaidh próiseas meastóireachta iomaíoch atá sonraithe i Roinn G den Treoir d'Iarratasóirí tionlacain.

Tabhair faoi deara go mb'fhéidir nach n-éireodh le gach iarratas a chomhlíonann an dá choinníoll thuasluaite cómhaoiniú a fháil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide mar gheall ar nádúr na Scéime seo, an maoiniú teoranta atá ar fáil agus inmhianaitheacht tionscadail dhifriúla a mhaoiniú.

Gairm ar Iarratais

Fáiltítear roimh iarratais ar an gcómhaoiniú seo ó eintitis incháilithe² a bhfuil sé beartaithe acu iarratas a chur isteach, i ndáil le TGC, gairm ar iarratais Chlár LIFE an AE 2021 a chomhlíonann na ceanglais atá sonraithe i Roinn G den Treoir d'Iarratasóirí tionlacain freisin.

¹ ciallaíonn 'tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha' tionscadail, seachas tionscadail chomhtháite straitéiseacha, tionscadail straitéiseacha nó tionscadail cúnaimh theicniúil, a dhéanann iarracht cuspóirí sonracha Chlár LIFE a chomhlíonadh

² D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh [maoiniú LIFE], ní mór do na hiarratasóirí (tairbhíthe agus eintitis chleamhnaithe):

- a bheith ina n-eintitis dhlíthiúla (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha)

- a bheith bunaithe i gceann de na tíortha incháilithe, i.e.:

- Ballstáit an AE (lena n-áirítear tíortha agus dlínsí thar lear (TCTLanna))
- tíortha neamh-AE:

- tíortha LEE agus tíortha atá comhlachaithe le Clár LIFE ([tíortha rannpháirteacha](#)) nó tíortha atá i mbun idirbheartaíochtaí le haghaidh comhaontú comhlachais agus sa chás go mbíonn an comhaontú i bhfeidhm sular sínítear an deontas

- ní mór go mbeadh an comhordaitheoir bunaithe i dtír incháilithe.



Déanfar iarratais a mheas de réir na gceanglas éigeantach agus na gcritéar measúnachta atá sonraithe i Roinn G den **Treoir d'Iarratasóirí** thíos. I ndiaidh an phróisis meastóireachta sin a chur i gcrích, d'fhéadfaí cead i bprionsabal a thabhairt d'iarratasóirí rathúla le haghaidh cómhaoinithe suas le huasmhéid is ísle de 30% de na costais incháilithe iomlána **nó** €1.5 milliún thar shaolré an tionscadail, faoi réir comhlíontachta leis na rialacha ábhartha maidir le cúnamh Stáit agus an déine ghaolmhar cúnamh deontais áit a mbaineann feidhm leo. Féadfaidh iarratasóirí a n-éiríonn leo cead i bprionsabal a fháil tagairt don phrionsabal i gcead seo ina n-iarratas ar Chlár LIFE an AE.

Tá íostarraingt iarbhír ar an gcómhaoiniú seo ag brath ar an tionscadal a bheith á roghnú le haghaidh maoinithe ag Clár LIFE AE 2021 **agus** comhlíontacht leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le tacaíocht a cuireadh ar fáil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide mar atá sonraithe i dTreoirínte an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide (nasc [anseo](#)).

Ní eascraíonn aon teidlíocht ar thacaíocht airgeadais le haghaidh aon tionscadal nó aon tionscadail ón ngairm ar iarratais seo. Ba cheart gurb iad iarratasóirí amháin a bheadh freagrach as na costais a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

Nuair a bhíonn an fhoirm iarratais seo á comhlánú, léigh an **Treoir d'Iarratasóirí** thíos lena chinntiú go bhfuil do thionscadal oiriúnach le cur san áireamh le haghaidh maoiniú deontais faoin scéim, agus go bhfuil na ceanglais riachtanacha ar fad á gcomhlíonadh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an fhoirm seo agus aon chomhfhreagras ina dhiaidh a bheith faoi réir nochta faoi Achtanna um Shaoráil Faisnéise agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol).

Is scéim deontais nua é seo atá á riar go díreach ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Is scéim ar leithligh í agus sa bhreis ar Chlár LIFE an AE 2021.



Cuid 1 - Sonraí an Iarratasóra

Ainm na hEagraíochta:

Comhordaitheoir an Tionscadail:

Uimhir Theileafóin Teagmhála

Seoladh:

Seoladh Ríomhphoist:

Dáta Tosaigh an Tionscadail:

Dáta Measta Deiridh an Tionscadail:



Cuid 2 - Teideal Thionscadal LIFE agus Cuspóir Tionscadail Ardleibhéil

--

Cuid 3 - Achoimre ar an gCur Síos ar an Tionscadal

(uasmhéid 300 focal)

--



Cuid 4 – Tagair do Roinn C den Treoir d'Iarratasóirí agus soláthair sonraí maidir le cén chatagóir nó céard iad na catagóirí idir (a) agus (h) a bhaineann le do thionscadal beartaithe agus cén fáth.

(uasmhéid 1000 focal)

Cuid 5 – Cúnamh le spriocanna agus cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann
Sonraigh na buntáistí ó do thionscadal beartaithe a mbainfidh Éire tairbhe astu. Go háirithe, sonraigh conas a chuirfidh do thionscadal beartaithe le spriocanna agus cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann. D'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc laghduithe GHG, méaduithe ar tháirgeadh, nó úsáid, fuinneamh in-athnuaite, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, teacht aniar aeráide, aistriú cóir, aistrithe GHG, agus/nó bithéagsúlacht a fheabhsú fad is atá iarracht á déanamh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, a mhéadú nó a bhaint, nó tacú le teacht aniar aeráide sa Stát?

(maximum 1000 words)



Cuid 6 – Costéifeachtacht

Cé chomh costéifeachtach is atá do thionscadal beartaithe? Sonraigh conas atá na costais atá curtha i bhfeidhm réasúnach agus ar cóimhéid le caighdeán agus le nádúr na ngníomhaíochtaí atá beartaithe? Sonraigh aschuir agus torthaí réalaíocha, sonracha agus ábhartha atá ar cóimhéid leis an leibhéal infheistíochta. Sonraigh conas a bhfuil luach ar airgead ag baint leis an tionscadal i dteármaí aon bhuntáistí sóisialta agus aeráide a bhaineann leis an tionscadal.

(uasmhéid 1000 focal)



Cuid 7 – Rialachas

Soláthair sonraí ag deimhniú go bhfuil na córais, rialuithe agus próisis rialachais agus bainistíochta airgeadais cuí i bhfeidhm.

(uasmhéid 1000 focal)

Cuid 8 – Comhpháirtíochtaí

Soláthair sonraí maidir leis an leibhéal comhoibrithe idir na páirtithe atá páirteach sa tionscadal lena n-áirítear rannpháirtíocht pobal.

(uasmhéid 1000 focal)



Cuid 9 – Measúnú ar Chúnamh Stáit

Soláthair do mheasúnú maidir le cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh cómhaoiniú CGA do thionscadail bheartaithe comhionann le cúnamh Stáit. Féach ar thuilleadh sonraí maidir le rialacha cúnaimh deontais an Aontais Eorpaigh (nasc [anseo](#)) agus Ciste - Scéim Ghinearálta Rialaithe Blocdhíolúine (GBER) (nasc [anseo](#)). Má tá cúnamh Stáit i gceist i do chás féin, sonraigh an féidir déileáil leis trí De Minimis nó faoi théarmaí Scéim GBER an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide. Sa chás go mbaineann feidhm le Scéim GBER CGA, sonraigh an Sceideal ábhartha.

(uasmhéid 500 focal)



--

Cuid 10 – Conas a mhaoineofar do thionscadal?

Sources of Funding	Amount
Méid cómhaoinithe Chlár Life an AE iarrtha	
Méid cómhaoinithe CGA iarrtha ón Scéim seo	€
Ranníocaíocht an Tairbhí Chomhordaithe	€
Ranníocaíocht an Tairbhí Chomhlachaithe	€
Foinsí Maoinithe Eile (liostaigh le do thoil):	€
	€
	€
Costas iomlán an Tionscadail:	€





larratas ar:	Méid
	€
	€
	€

Mír Costais	Méid
	€
	€
	€
	€
	€
Costais iomlána	€



Cuid 13 - Údarú an Iarratasóra le haghaidh Measúnú, Iniúchadh agus Coinneáil Sonraí

- Tá na mionsonraí thuasluaite, agus aon ábhair fhorlíontacha a cuireadh ar fáil chun tacú leis an iarratas seo, ceart amhail dáta an tsínithe seo.
- Toilím go ndéanfar m'fhoirm iarratais a mheas bunaithe ar na ceanglais agus critéir mheasúnaithe éigeantacha atá sonraithe sa Treoir d'Iarratasóirí agus tuigim go bhféadfaí nó nach bhféadfaí cead i bprionsabal a fháil.
- Tuigim go bhfuil aon íostarraingt cómhaoinithe faoin scéim seo ag brath go hiomlán ar mo thionscadal a bheith á roghnú le haghaidh maoinithe ó Chlár LIFE an AE 2021 agus a bheith á roghnú freisin le haghaidh cómhaoinithe faoin scéim seo i ndiaidh próiseas meastóireachta. Chomh maith leis sin, tuigim go bhfuil aon íostarraingt de chómhaoiniú sna himthosca seo ag brath ar na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a chomhlíonadh a bhaineann le tacaíocht atá curtha ar fáil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide mar atá sonraithe i dTreoirlínte an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide.
- Toilím go mbeidh m'fhoirm iarratais á coinneáil ag an Roinn de réir na mbeartas cuí maidir le coinneáil sonraí agus GDPR.
- D'fhonn rialachas cuí a chinntiú, admhaím go bhféadfadh m'iarratas a bheith faoi réir iniúchta.

Sínithe: _____

Dáta: _____

D'ÚSÁID ROINNE AMHÁIN:

Dáta faighte na Foirme: _____



Dáta Deiridh chun Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe a Fháil

D'fhonn a chinntiú gur féidir iarratais a bhreithniú in am chun dearbhú a thabhairt maidir le cead i bprionsabal do chómhaoiniú chun spriocdháta Chlár Life an AE a chomhlíonadh, ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais trí ríomhphost roimh 12 meán lae ar an 15 Deireadh Fómhair 2021 chuig ClimateActionFund@decc.gov.ie.

Beidh sé mar aidhm ag DECC na torthaí a eisiúint faoin 5 Samhain 2021.



Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide Scéim Deontais Cómhainithe Chlár LIFE 2021

Treoir d'Iarratasóirí

A. Clár LIFE an AE 2021-2027

- Is é an Clár LIFE an t-aon ionstraim mhaoinithe AE le haghaidh cosaint an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide. Tá aon duine dlítheanach atá cláraithe san AE incháilithe chun iarratas a dhéanamh, agus fáiltítear roimh iarratais ó eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a bhfuil cómhainiú le haghaidh tionscadal á lorg acu. Is féidir le cuideachtaí móra agus beaga, rialtas áitiúil agus údaráis phoiblí eile, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, Institiúidí Ardoideachais agus grúpaí pobail páirt a ghlacadh ann.
- Tháinig Rialachán LIFE nua 2021-2027 Rialachán (AE) 2021/783 i bhfeidhm ar an 17 Bealtaine 2021 agus tá feidhm chúlghabhálach leis ón 1 Eanáir 2021. Tá an t-imchlúdach airgeadais don chlár faoin rialachán nua cothrom le €5.432 billiún, arb ionann é agus méadú suntasach i gcomparáid leis an €3.46 billiún a bhí ar fáil don chlár faoin rialachán roimhe. Chomh maith leis sin, d'fhorbair LIFE i bhfoirm ceithre fho-chlár nua:
 - (a) An Dúlra agus Bíthéagsúlacht
 - (b) An Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil
 - (c) Maolú agus Oiriúnú an Athraithe Aeráide
 - (d) Aistriú Fuinneamh Glan

Seoladh gairm ar thograí 2021 LIFE ar an 13 Iúil 2021. Má theastaíonn eolas mionsonraithe maidir leis an ngairm agus doiciméid a bhaineann leis an ngairm, féach ar [shuíomh gréasáin LIFE Choimisiún na hEorpa](#).



Ní bhreithneofar ach aighneachtaí le haghaidh Tionscadail Ghníomhaíochta Caighdeánacha (SAP)³ faoi ghairm ar thograí LIFE an AE 2021, a chomhlíonann na ceanglais atá sonraithe i Roinn G thíos freisin, le haghaidh cómhaoinithe faoi Scéim Deontais Cómhaoinithe Chlár LIFE 2021 an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.

Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha (TGC)

Léirítear sna tionscadail seo go bhfuil sé mar aidhm le tionscadail thraidisiúnta LIFE:

- teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a léiriú agus iad a chur chun cinn;
- cur leis an mbonn eolais agus le cur chun feidhme dea-chleachtas;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme, monatóireacht agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais, lena n-áirítear rialachas a fheabhsú ag gach leibhéal, go háirithe trí acmhainní gníomhaithe poiblí agus príobháideacha a fheabhsú agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta;
- forbairt mhórsála réiteach teicniúil rathúil agus beartasghaolmhar a thionscnamh chun reachtaíocht agus beartas ábhartha Aontais a thionscnamh trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais na hearnála poiblí agus príobháidí, infheistíocht a eagrú agus rochtain ar airgeadas a fheabhsú.

Ní sháróidh ráta cómhaoinithe an AE le haghaidh TGC, go ginearálta, 60% de chostais incháilithe iomlána an tionscadail, ach amháin i gcás tionscadal le haghaidh an Dúlra agus na Bithéagsúlachta a chomhlíonann critéir shonracha.

³ ciallaíonn 'tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha' tionscadail, seachas tionscadail chomhtháite straitéiseacha, tionscadail straitéiseacha nó tionscadail cúnaimh theicniúil, a dhéanann iarracht cuspóirí sonracha Chlár LIFE a chomhlíonadh.



B. An Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide

Bunaíodh an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide (CGA) ar bhonn reachtúil, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2020, ag tosach feidhme an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020.

Príomhchuspóir den Chiste é tacaíocht a sholáthar le haghaidh tionscadal, tionscnamh agus taighde a chabhraíonn le cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh, a mhéadaíonn teacht aniar aeráide agus aistriú GHG sa Stát agus le haghaidh tionscadal agus tionscnamh i réigiúin den Stát, agus laistigh d'earnálacha den gheilleagar, a bhfuil tionchar ag an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin orthu. Chomh maith leis sin, is féidir tacaíocht a sholáthar le haghaidh roinnt tionscadal atá bunaithe ar an dúlra a fheabhsaíonn bithéagsúlacht agus a chuireann le gníomhú ar son na haeráide freisin.

C. Cineálacha Tionscadal, Tionscnamh agus Taighde⁴ a d'fhéadfaí a mhaoiniú ó CGA

De réir Acht 2020, tá an méid seo a leanas fíor faoi thionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú ó CGA:

- (a) is tionscadail iad a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, nó tacú leis an laghdú sin sa Stát;
- (b) is tionscadail iad a dhéanann iarracht táirgeadh, nó úsáid, fuinnimh in-athnuaite sa Stát a mhéadú;
- (c) is tionscadail iad a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtúlacht fuinnimh sa Stát a fheabhsú;
- (d) is tionscadail iad a bhfuil sé mar aidhm leo teacht aniar aeráide sa Stát a mhéadú;
- (e) tionscadail bunaithe ar an dúlra a fheabhsaíonn bithéagsúlacht agus a dhéanann iarracht astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, nó baint na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú nó tacú le teacht aniar aeráide sa Stát;

⁴ Níl tionscadail atá dírithe ar thaighde amháin incháilithe le haghaidh maoinithe faoin scéim seo. Sa chás, áfach, go gceadaítear gníomhaíocht taighde mar ghné de thogra rathúil faoi LIFE AE mar chostas incháilithe, ansin d'fhéadfadh go mbeadh an ghníomhaíocht seo incháilithe freisin le haghaidh cómhaoinithe faoi réir choinníollacha CGA a bheith á gcomhlíonadh.



- (f) is tionscnaimh iad a bhféadfadh réitigh nuálacha a bheith luaite leo chun—
- (i) astaíochtaí gás ceaptha teasa sa Stát a laghdú,
 - (ii) iarracht táirgeadh nó úsáid fuinneamh in-athnuaite sa Stát a mhéadú,
 - (iii) éifeachtúlacht fuinnimh sa Stát a mhéadú,
 - (iv) teacht aniar aeráide sa Stát a mhéadú,
 - (v) baint gás ceaptha teasa sa Stát a mhéadú,
 - (vi) bithéagsúlacht a fheabhsú agus a dhéanann iarracht astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, nó baint na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú nó tacú le teacht aniar aeráide sa Stát;
- (g) taighde a bhaineann le—
- (i) gáis ceaptha teasa sa Stát a laghdú, táirgeadh nó úsáid fuinneamh in-athnuaite sa Stát a mhéadú,
 - (ii) éifeachtúlacht fuinnimh sa Stát a mhéadú,
 - (iii) teacht aniar aeráide sa Stát a mhéadú,
 - (iv) baint gás ceaptha teasa sa Stát a mhéadú
 - (v) bithéagsúlacht a fheabhsú agus a dhéanann iarracht astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, nó baint na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú nó tacú le teacht aniar aeráide sa Stát;
- (h) Tionscadail agus tionscnaimh i réigiúin sa Stát agus laistigh d'earnálacha den gheilleagar a bhfuil tionchar ag an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin orthu.

D. Cuspóir na Scéime

Tá sé beartaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú a chur ar fáil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide (CGA) chun tacaíocht a sholáthar, trí chómhaoiniú, le haghaidh Tionscadail Ghníomhaíochta Caighdeánacha (TGC)⁵ (1) a n-éiríonn leo maoiniú a fháil faoi Chlár LIFE an AE 2021 agus (2) a mheastar a bhfuil critéir le haghaidh maoinithe ó CGA á gcomhlíonadh acu ó CGA i ndiaidh próiseas meastóireachta iomaíoch atá sonraithe i Roinn G thíos.

Tabhair faoi deara go mb'fhéidir nach n-éireodh le gach iarratas a chomhlíonann an dá

⁵ ciallaíonn 'tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha' tionscadail, seachas tionscadail chomhtháite straitéiseacha, tionscadail straitéiseacha nó tionscadail cúnaimh theicniúil, a dhéanann iarracht cuspóirí sonracha Chlár LIFE a chomhlíonadh



choinníoll thuasluaite cómhaoiniú a fháil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide mar gheall ar nádúr na Scéime seo, an maoiniú teoranta atá ar fáil agus inmhianaitheacht tionscadail dhifriúla a mhaoiniú.

E. Incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú

Fáiltítear roimh iarratais ar an maoiniú seo ó eintitis incháilithe⁶ a bhfuil sé beartaithe acu iarratas a chur isteach ar ghairm ar thograí Clár LIFE AE 2021, le haghaidh CGA, a chomhlíonann na ceanglais atá sonraithe i Roinn G den treoir seo freisin.

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le heintitis incháilithe *Aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach atá cláraithe go dleathach san Aontas Eorpach (lena n-áirítear tíortha agus dlínsí thar lear (DTTLanna)) nó tíortha atá comhlachaithe leis an gClár LIFE (tíortha rannpháirteacha).* Tá cur síos déanta ar na mionsonraí i roinn **Dhoiciméad Glao LIFE maidir le hIncháilitheacht**.

F. An Próiseas Meastóireachta

- Ní mór iarratais ar chómhaoiniú a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
- Ní mór gach roinn a chomhlánú.
- Déanfar iarratais chomhlánaithe a mheas bunaithe ar cheanglais éigeantacha CGA atá sonraithe i Roinn G. Ansin déanfar iarratais a chomhlíonann na ceanglais sin a mheas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá sonraithe i Roinn G den treoir seo freisin. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcuirtear dóthain mionsonraí ar fáil san fhoirm iarratais chun an mheastóireacht seo a éascú
- I ndiaidh na meastóireachta sin, d'fhéadfaí cead i bprionsabal a thabhairt d'iarratasóirí rathúla le haghaidh cómhaoinithe suas le huasmhéid is ísle de 30% de na costais incháilithe iomlána nó €1.5 milliún thar shaolré an tionscadail, faoi réir comhlíontachta leis na rialacha ábhartha maidir le cúnamh Stáit agus an déine ábhartha cúnamh deontais

⁶ D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh [maoiniú LIFE], ní mór do na hiarratasóirí (tairbhíthe agus eintitis chleamhnaithe):

- a bheith ina n-eintitis dhlíthiúla (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha) - a bheith i gceann de na tíortha incháilithe, i.e.:

- Ballstáit an AE (lena n-áirítear tíortha agus dlínsí thar lear (TCTLanna))
- tíortha neamh-AE:
 - tíortha LEE agus tíortha atá comhlachaithe le Clár LIFE (tíortha rannpháirteacha) nó tíortha atá i mbun idirbheartaíochtaí i haghaidh comhaontú comhlachais agus sa chás go mbíonn an comhaontú i bhfeidhm sular sínítear an deontas

- ní mór go mbeadh an comhordaitheoir bunaithe i dtír incháilithe.



G. Ceanglais Éigeantacha agus Critéir Mheasúnaithe CGA

D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh breithnithe do chómhaoiniú faoin scéim seo, ní mór d'iarratasóirí na ceanglais éigeantacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Ní mór go mbeadh an tionscadal beartaithe (CGA) á bhreithniú go gníomhach le haghaidh aighneachta chuig Clár LIFE an AE 2021; **agus**
2. Ní mór go ndéileálfadh an tionscadal beartaithe le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí atá sonraithe idir (a) agus (h) i Roinn C thuas.

Ní dhéanfar ach iarratasóirí a chomhlíonann na ceanglais éigeantacha ag 1 agus 2 thuas a mheas trí úsáid a bhaint as na critéir seo a leanas:

- An bealach a bhfuil an tionscadal ag tacú le spriocanna agus cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann (35 marc): Ba cheart sonraí cainníochtúla a chur ar fáil, más cuí, cosúil le sonraí maidir le laghduithe astaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo (CO_{2e}), rfuinneamh in-athnuaite (MWh) agus úsáid fuinnimh laghdaithe trí éifeachtúlacht fuinnimh (MWh). Sa chás nach mbaineann siad seo le do thionscadal go díreach, is féidir méadracht ábhartha eile a chur ar fáil. Ba cheart sonraí maidir le tionchair dhíreacha agus neamhdhíreacha a chur ar fáil. Ba cheart sonraí maidir le huainiú na hoibre i ndáil le spriocanna/cuspóirí agus na hoibre a bhaineann le cuspóirí tánaisteacha a chur ar fáil freisin.
- Costéifeachtacht an tionscadail (35 marc): Ba cheart sonraí a sholáthar a léiríonn go bhfuil na costais atá curtha i bhfeidhm réasúnach agus ar cóimhéid le caighdeán agus le nádúr na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Ba cheart aschuir agus torthaí réalaíocha, sonracha agus ábhartha atá ar cóimhéid leis an leibhéal infheistíochta a shonrú. Ba cheart léargas a thabhairt ar luach ar airgead i dtéarmaí bhuntáiste shóisialta agus aeráide an tionscadail.



- Rialachas (20 marc): Tá sonraí le soláthar ag deimhniú go bhfuil na córais, rialuithe agus próisis rialachais agus bainistíochta airgeadais cuí i bhfeidhm.
- Comhpháirtíochtaí (10 marc): Measúnú ar an leibhéal comhoibrithe idir na páirtithe atá páirteach sa tionscadal lena n-áirítear rannpháirtíocht pobal.

Ní mór go bhfaigheadh iarratasóirí **íosmhéid de 60 marc** sa mheasúnú seo ionas go mbeidh siad incháilithe le haghaidh maoinithe.

Déanfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an cinneadh deiridh maidir leis na tionscadail a gheobhaidh cead i bprionsabal le haghaidh cómhaoinithe ag féachaint don phróiseas meastóireachta, an maoiniú teoranta atá ar fáil agus an inmhianaitheacht tionscadail dhifriúla a mhaoiniú

H. Íostarraingt Cistí

Braitheann íostarraingt cómhaoinithe iarratasóirí rathúla faoin scéim seo ar an tionscadal a bheith á roghnú le haghaidh maoinithe ó Chlár LIFE an AE 2021 agus le haghaidh cómhaoinithe faoin Scéim seo. Chomh maith leis sin, braitheann sé ar na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a chomhlíonadh a bhaineann le tacaíocht atá curtha ar fáil ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide mar atá sonraithe i dTreoirlínte an Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide ([nasc anseo](#)). Cuimsítear sna téarmaí agus coinníollacha seo an riachtanas na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- an reachtaíocht thaca lena mbunaítear an Ciste;
- forálacha ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí - [nasc anseo](#);
- Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) – Bainistíocht, agus Cuntasacht as, Deontais ó Chistí Stáitchiste [nasc anseo](#); _____
- treoirlínte soláthair phoiblí sa chás inarb ‘údarás conarthachta’ é an tairbhí laistigh de bhrí Threoir 2014/24/EU ([nasc anseo](#)) nó ‘einititeas conarthachta’ laistigh de bhrí Threoir 2014/25/EU ([nasc anseo](#)) _____



- prionsabail bhainistíochta airgeadais ábhartha atá sonraithe sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí [nasc anseo](#);
- Rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cúnamh stáit ([tuilleadh sonraí anseo](#)) agus, más cuí, Rialachán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Blocdhíolúine Ghinearálta (AE) uimh. 651/2014 ([nasc anseo](#));
- aon cheanglais a bhaineann le tairseacha carnacha le haghaidh Cúnamh Stáit;
- téarmaí agus coinníollacha aon litir thairisceana chuig tairbhí i ndáil le cistí a sholáthar faoin gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- téarmaí agus coinníollacha aon chomhaontaithe maoinithe deontais idir an tAire agus tairbhí i ndáil le cistí a sholáthar faoin gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- reachtaíocht chánach agus shóisialta; agus
- aon reachtanna ábhartha eile.

I. Cúnamh Stáit

Tagraíonn an téarma Cúnamh Stáit d'fhoirmeacha de chúnamh poiblí, trí úsáid a bhaint as acmhainní atá á maoiniú ag an gcáiníocóir, tugtha do ghnóthais ar bhonn discréideach, ag a bhfuil an poitéinseal comórtas a shaobhadh agus tionchar a imirt ar thrádáil idir ballstáit den Aontas Eorpach.

D'fhéadfaí glacadh le cómhaoiniú curtha ar fáil ó CGA mar chúnamh Stáit. Chuige sin, i gCuid 9 den fhoirm iarratais, iarrtar ar iarratasóirí measúnú a dhéanamh maidir le cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh cúnamh Stáit le híoc, ina n-imthosca féin, i ndáil le cuid CGA den mhaoiniú. Tá tuilleadh eolais maidir le ceanglais agus rialacha cúnamh Stáit le fáil [anseo](#) a d'fhéadfadh cabhrú le hiarratasóirí an measúnú seo a dhéanamh. Mar atá sonraithe sa nasc seo, sonraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach critéir, nach mór iad ar fad a chomhlíonadh chun cúnamh Stáit a chur ar fáil.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil cúnamh Stáit ar fáil, ba cheart d'iarratasóirí na cúig phríomhcheist seo a leanas a bhreithniú:

1. **an raibh sé deonaithe ag an stát nó trí acmhainní stáit?** Mar aon le ranna rialtais,



áirítear anseo comhlachtaí a úsáideann acmhainní atá faoi úinéireacht an stáit, nó atá á rialú ag an stát. D'fhéadfaí go gcuimseofaí in acmhainní Stáit deontais, ús agus faoiseamh cánach, ráthaíochtaí, sealúchais rialtais cuideachta ina hiomláine nó cuid de chuideachta, nó soláthar earraí agus seirbhísí de réir téarmaí tosaíochta. Ní mór go mbeadh iarmhairt bhuiséadach ag an mbuntáiste deonaithe don Rialtas, is é sin, ní mór don Stát rud éigin óna chuid acmhainní féin a thabhairt, nó ní mór don Stát teip rud éigin a fháil ón méid atá dlite dó

2. **buntáiste a aistriú chuig gnóthas?** D'fhéadfaí glacadh le buntáiste, díreach nó indíreach, do ghnóthas, deonaithe saor in aisce nó ar théarmaí fabhracha (neamhthráchtála) mar chúnamh Stáit. Is éard atá i gceist le gnóthas eintiteas a bhfuil baint aige le gníomhaíocht gheilleagrach, beag beann ar an bhfoirm dhlíthiúil nó conas atá sé á mhaoiniú nó cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann gné bhrabúis leis.
3. **roghnach, tús áite á thabhairt do ghnóthais áirithe?** Glactar leis go bhfuil cúnamh atá dírithe ar ghnóthaí, suíomhanna, cineálacha gnólachta, mar shampla, FBManna nó earnálacha, roghnach. Ní ghlactar, mar shampla, le beart ginearálta a bhfuil tionchar aige ar gheilleagar an stáit trí chéile, mar shampla, bearta fíoscacha, náisiúnta, mar chúnamh Stáit.
4. **má threisíonn sé seasamh an tairbhí i gcoibhneas le hiomaitheoirí eile nó iomaitheoirí poitéinsiúla ansin gach seans go gcomhlíonfar na critéir seo.** Ní gá go mbeadh an poitéinseal iomaíocht a shaobhadh suntasach nó substaintiúil, agus d'fhéadfadh go mbeadh an critéar seo ábhartha do mhéideanna beaga cúnaimh agus gnólachtaí nach bhfuil mórán sciarmhargaidh acu. Tá an poitéinseal ag formhór na n-idirghabhálacha iomaíocht a shaobhadh
5. **gníomhaíocht intrádála idir ballstáit?** Tá léamh an Choimisiúin air seo leathan - is leor go mbeadh táirge nó seirbhís faoi réir trádála idir ballstáit, fiú mura bhfuil earraí á n-easpórtáil ag an tairbhí cúnaimh chuig an AE. Dá réir sin, glactar leis go bhfuil formhór na ngníomhaíochtaí intrádála..

Mura gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo, ní bhaineann sé le cúnamh Stáit.



Rialtas na
hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland

2040

Má chomhlíontar na coinníollacha ar fad ba cheart d'iaratasóirí a chur in iúl má tá sé beartaithe acu déileáil le cúnamh Stáit trí De Minimis (tá tuilleadh eolais [anseo](#)) nó faoi théarmaí Ghníomhú ar son na hAeráide Maoinigh Scéim GBER. Sa chás go mbaineann feidhm le Scéim GBER CGA, sonraigh an Sceideal/na Sceidil atá ábhartha do do thionscadal.

Ní mór foirmeacha iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais trí ríomhphost roimh 12 meán lae ar an 15 Deireadh Fómhair 2021 chuig ClimateActionFund@decc.gov.ie.